C/2023/1200

24.11.2023

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11328 — XXXLUTZ / CONFORAMA ESPAÑA / CONFORAMA PORTUGAL)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2023/1200)

1. An 16 Samhain 2023, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— XXXLutz Group (an Ostair), agus go háirithe dhá eintiteas sa ghrúpa atá faoi rialú Andreas Seifert, i.e. MW Holding GmbH ('MW Holding', an Ostair) agus CAFS Invest GmbH ('CAFS Invest', an Ostair);

— Conforama España SA ('Conforama Spain', an Spáinn), faoi rialú Ibex Topco B.V;

— Conforama Portugal S.A ('Conforama Portugal', an Phortaingéil), faoi rialú Ibex Topco B.V.

Gheobhaidh MW Holding agus CAFS Invest rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Conforama Spain agus Conforama Portugal ina n-iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna agus sócmhainní.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Tá CAFS Invest agus MW Holding gníomhach den chuid is mó i miondíol troscáin, feisteas agus earraí tí agus, go pointe níos teoranta, leictreonaic agus fearais agus tá mionghníomhaíochtaí acu i monarú troscáin agus mórdhíol troscáin, fearas agus earraí tí agus leictreonaice agus fearas,

— Tá Conforama Spain agus Conforama Portugal gníomhach i miondíol troscáin, feisteas agus earraí tí agus leictreonaice agus fearas.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11328 — XXXLUTZ / CONFORAMA ESPAÑA / CONFORAMA PORTUGAL

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË